# Siobhán agus Róisín

**Éist le Siobhán agus Róisín. Cuir ✔ leis na rudaí a itheann/ólann siad agus X leis na rudaí nach n-itheann/n-ólann siad.**

| Cineál bia/dí | Siobhán | Róisín |
|---|---|---|
| ceapaire | | |
| arán | | |
| torthaí | | |
| glasraí | | |
| prátaí | | |
| rís | | |
| tae | | |
| caife | | |
| uisce | | |
| uisce beatha | | |
| feoil | | |
| im | | |

# Script

**Siobhán:** Tá ocras orm ach níl ceapaire uaim. Ní ithim arán na laethanta seo; tá mé ar *diet*, tá fhios agat féin, a Róisín.

**Róisín:** Ó, inseoidh mé seo duit a Shiobhán, is breá liomsa arán! Ithim arán tóstáilte don bhricfeasta, ceapaire don lón agus arán arís le mo dhinnéar!

**Siobhán:** Ó!!! Bhuel, is breá liomsa torthaí. Ithim torthaí cúpla uair gach lá.

**Róisín:** Ní ithim féin torthaí. Is fuath liom iad. Glasraí, sin rud eile. Is breá liom glasraí agus prátaí le mo dhinnéar.

**Siobhán:** Ní ithim prátaí… Is maith liom rís uaireanta ceart go leor! Ní ithim feoil agus ní ithim im!

**Róisín:** Agus an ólann tú alcól ar an *diet* seo?

**Siobhán:** Ní ólaim. Is breá liom cupán tae ar maidin agus ag am lóin agus seacht ngloine uisce sa lá.

**Róisín:** Is maith liom tae ceart go leor, agus caife, ach uisce - is fuath liom é! Ní ólaim riamh é! Is breá liomsa uisce beatha!!!

**Siobhán:** Mmm *(le drochmheas ina glór).* Tuigim!